2023/2514

15.11.2023

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/2514 ÓN gCOIMISIÚN

an 7 Meán Fómhair 2023

lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rannóga na Fionlainne sa Líonra Sonraí um Chuntasaíocht Feirme san Aontas

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 ón gComhairle an 30 Samhain 2009 lena mbunaítear líonra chun sonraí cuntasaíochta ar ioncaim agus oibriú gnó na ngabháltas talmhaíochta san Aontas Eorpach a bhailiú ([1]), agus go háirithe Airteagal 3 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá liosta de rannóga an Líonra Sonraí um Chuntasaíocht Feirme ('rannóga LSCF') le haghaidh gach Ballstáit in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009.

(2) I gcomhréir leis an Iarscríbhinn sin, roinntear an Fhionlainn ina cheithre rannóg. Chun críocha Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009, d'iarr an Fhionlainn rannóga LSCF Pohjanmaa, Sisä- agus Pohjois-Suomi a chumasc in aon rannóg LSCF amháin. D'fhanfadh an rannóg LSCF reatha Etelä-Suomi gan athrú. Is é an t-údar a thug an Fhionlainn leis an iarraidh gur fhan na rannóga gan athrú ó tháinig an Fhionlainn isteach san Aontas in 1995, agus idir an dá linn tá athrú struchtúrach tagtha ar an bhfeirmeoireacht agus laghdú ar líon na bhfeirmeacha. Leis an gcumasc sin, dhéanfaí na rannóga LSCF a oiriúnú don sainmhíniú atá cosúil leis na limistéir fóirdheontais a chuirtear i bhfeidhm sa tír. Mar thoradh air sin, is dhá réigiún a bheadh i líon na réigiún LSCF, agus thart ar an líon céanna feirmeacha i ngach ceann den dá chuid sin i réimse an tsuirbhé LSCF san Fhionlainn.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 a leasú dá réir.

(4) Chun am leordhóthanach a thabhairt chun an bailiú sonraí le haghaidh rannóga nua na Fionlainne a oiriúnú, ba cheart feidhm a bheith ag an liosta cothrom le dáta de rannóga LSCF dá bhforáiltear sa Rialachán seo amhail ón mbliain chuntasaíochta 2024,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón mbliain chuntasaíochta 2024.

([1]) IO L 328, 15.12.2009, lch. 27.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 7 Meán Fómhair 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009, déantar liosta na rannóg LSCF a bhaineann leis an bhFionlainn a ionadú mar a leanas:

'*An Fhionlainn*

1. Etelä-Suomi

2. Pohjanmaa, Sisä- agus Pohjois-Suomi'.